



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

EUCO 14/26

CO EUR 12
CONCL 3

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú den Chomhairle Eorpach (15 agus 16 Deireadh Fómhair 2026) – Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

I. IOMAÍOCHAS

1. Ag meabhrú di na conclúidí roimhe seo i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2026, thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun gach gné d'iomaíochas an Aontais a neartú, rathúnas agus samhail shóisialta na hEorpa ina measc, agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú, sa chomhthéacs dúshlánach geo-eacnamaíoch.
2. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar chur chun feidhme an chláir oibre 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' i gcomhréir leis an treochlár idirinstiúideach, agus ba dhíol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta cheana maidir leis na príomhthograí. An tráth céanna, d'iarr sí go ndéanfadh na comhrechtóirí agus an Coimisiún tuilleadh dul chun cinn maidir le leibhéal na huaillmhéine agus maidir leis na hamlínte a comhaontaíodh.
3. Chuige sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim, go háirithe, ar a thábhachtaí atá sé an chaibidlíocht maidir le torthaí insoláthartha i gcomhair 2026 a chur chun cinn, go háirithe an 28ú córas le haghaidh dhlí na gcuideachtaí, an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht, an Pacáiste um na hEangacha Eorpacha, agus na pacáistí simpliúcháin i dtaca le cúrsaí digiteacha, an comhshaol agus mótarfheithiclí. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an seasamh a ghlac an Chomhairle le déanaí i ndáil leis an bpacáiste simpliúcháin shábháilteachta bia agus beatha. Tugann sí dá haire freisin an seasamh ón gComhairle le déanaí maidir leis an bpacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht, ar cuid riachtanach den Aontas Coigiltis agus Infheistíochta é in éineacht leis an bpacáiste urrúsúcháin. Iarrann sí ar na comhrechtóirí an chaibidlíocht maidir leis na comhaid sin go léir ón treochlár, chomh maith leis an bpacáiste um mótarfheithiclí, a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana agus an móiminteam a choinneáil le haghaidh 2027.
4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a phráinní atá sé dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh maidir leis an Margadh Aonair a dhoimhniú agus a chomhtháthú trí dheireadh a chur leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear ceanglais ilroinnte maidir le lipéadú agus pacáistiú agus srianta soláthair críochacha, agus trí chosc a chur ar bhacainní nua; maidir le hualaí riaracháin a shimpliú agus a laghdú; maidir le praghsanna inacmhainne fuinnimh agus Aontas Fuinnimh 2030; maidir le hathnuachan thionsclaíoch na hEorpa agus nuálaíocht a chothú agus spleáchais a laghdú; agus maidir le hinfheistíocht a shlógadh.

5. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tionscnaimh bhreise a chur chun cinn chun nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a chuíchóiriú agus dlús a chur leo, chun rórialáil a sheachaint, agus chun ualaí riaracháin agus rialála a laghdú, lena n-áirítear trí thogra a chur ar aghaidh chun oibleagáidí tuairiscithe a laghdú, go háirithe do FBManna. Iarrann sí an athuair go mbeadh féinsmacht reachtach agus rialála ann agus iarrann sí ar na comhreachtóirí bearta iomchuí a dhéanamh chun tabhairt isteach ualaí maorlathacha nach bhfuil gá leo a sheachaint go comhsheasmhach le linn an phróisis reachtaigh.
6. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a rithábhachtaí atá sé dul i ngleic le praghsanna arda fuinnimh. Phléigh sí tionchar an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair ar shlabhraí soláthair domhanda, ar an tslándáil fuinnimh, agus ar phraghsanna fuinnimh agus breosla, lena n-áirítear na héifeachtaí ar shaoránaigh, go háirithe na daoine is leochailí, ar an tionsclaíocht agus ar an ngeilleagar i gcoitinne. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go bhfuil géarghá le freagairt chomhordaithe Eorpach i leith na staide reatha ina gcuimsítear bearta spriocdhírithe sealadacha, agus imthosca sonracha na mBallstát á gcur san áireamh agus an Margadh Aonair á chosaint. Chuige sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tíolacadh an togra ón gCoimisiún maidir le hoibleagáidí áirithe sa Rialachán maidir le Meatán a chur siar. Is díol sásaimh di freisin go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - síneadh a chur leis an gcreat sealadach státhabhrach do na hearnálacha tionsclaíocha is neamhchosanta;
 - creat gearrthéarmach a fhorbairt chun acmhainneacht agus éifeachtúlacht scaglanna an Aontais a bharrfheabhsú; agus
 - tabhairt faoi thionscnaimh chun an t-éileamh ar fhuinneamh a chuacadh ar bhonn deonach.

Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bearta breise a scrúdú agus a chur ar aghaidh de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt sa ghearrthearma ar an ardú as cuimse atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh, agus imthosca sonracha na mBallstát á gcur san áireamh ag an am céanna, lena n-áirítear na difríochtaí i bpraghsanna leictreachais.

7. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí dlús a chur leis an bpróiseas reachtach leanúnach maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh d'fhonn maolú a dhéanamh ar an luaineacht iomarcach praghsanna.
8. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh ar an measúnú ar thionchair uile CTA2, go háirithe dearadh agus coimircí an chórais.
9. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá bearta atá comhordaithe go hidirnáisiúnta chun soláthairtí fuinnimh a chobhsú, agus iarrann sí go ndéanfaí fuinneamh agus táirgí fuinnimh a thrádáil gan srian idir tíortha comhpháirtíochta.
10. Ag meabhrú di an riachtanas uileghabhálach maidir le spleáchas an Aontais ar mhargaí luaineacha breoslaí iontaise a laghdú, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir gurb é an t-aistriú fuinnimh an straitéis is éifeachtaí chun uathriail straitéiseach na hEorpa a bhaint amach, athléimneacht a neartú, praghsanna fuinnimh a ísliú go struchtúrach, agus an fuinneamh glan flúirseach dúchasach is gá a sholáthar chun geilleagar na todhchaí a chumhachtú, trí dhlús a chur leis an leictriú agus foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin, eangacha agus saoráidí stórála fuinnimh a chur in úsáid, agus trí éifeachtúlacht fuinnimh a chothú freisin.
11. I gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar chóras CTA, agus chun tacú le hiomaíochas tionsclaíoch na hEorpa, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá margadh carbóin dea-fheidhmiúil, trédhearcach agus intuartha a áirithiú mar ábhar práinne, chun cosaint éifeachtach a thabhairt ar sceitheadh carbóin, chun luaineacht phraghas an charbóin a laghdú agus a thionchar ar phraghsanna leictreachais a mhaolú, agus ról ríthábhachtach CTA san aistriú aeráide agus fuinnimh á chaomhnú trí bhíthin comhartha praghais margadhbhunaithe le haghaidh astaíochtaí carbóin, lena spreagtar infheistíocht agus nuálaíocht.
12. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha domhanda, agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de pháirt a ghlacadh in idirphlé atá dírithe ar thorthaí, úsáid éifeachtach a bhaint as ionstraimí an Aontais, agus bosca uirlisí an Aontais a fheabhsú go práinneach le hionstraimí nua chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí sin ar bhealach níos fearr.

II. AN ÚCRÁIN

13. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine. Chuir sí in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán agus go diongbháilte le muintir na hÚcráine agus iad thíos le hionsaithe an-bhrúidiúil atá á ndéanamh ag an Rúis.
14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht dhaingean leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas Eorpach, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe a bhfuil an dearcadh céanna acu, de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine.
15. Tá géarú déanta ag an Rúis ar na hionsaithe mórsála diúracán agus drón atá á ndéanamh go córasach agus d'aon ghnó aici ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach na hÚcráine, lena n-áirítear na córais fuinnimh agus iompair agus saoráidí cúraim sláinte agus oideachais. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe brúidiúla sin agus molann sí neart, diongbháilteacht agus teacht aniar mhuintir na hÚcráine agus cheannairí na tíre sin agus iad ag cur i gcoinne fhogha na Rúise agus ag cosaint a gcríche. Agus a ceart bunúsach féinchosanta á fheidhmiú aici, tá ag éirí leis an Úcráin an fód a sheasamh agus cur i gcoinne an bhrú ollmhóir ón Rúis agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar an Rúis a cuspóirí míleata agus straitéiseacha a bhaint amach.
16. Chun cabhrú leis an Úcráin ullmhú don gheimhreadh, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús breise leis na hiarrachtaí agus leis an gcomhordú chun cumais chosanta aeir agus diúracán na hÚcráine a neartú go práinneach, chomh maith le hathléimneacht a bonneagair chriticiúil agus a córais fuinnimh, lena n-áirítear tríd an gCiste Tacaíochta Fuinnimh don Úcráin, agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha eile. Tá ról lárnach ag an gcomhar réigiúnach feabhsaithe fuinnimh agus ag na hidirnáisc leictreachais trasteorann i ndáil leis sin.

17. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an tslándáil, an chobhsaíocht agus an tsaoirse loingseoireachta sa Mhuir Dhubh. Trí bheith ag díriú ar bhonneagar talmhaíochta na hÚcráine, ar chalafoirt na Mara Duibhe agus na Danóibe, ar phointí trasnaithe teorann agus ar shaoráidí agus soithí onnmhairiúcháin, trí lánaí loingseoireachta a bhlocáil, agus trí shaoráidí stórála gráin a scriosadh, tá an bia á úsáid arís eile ag an Rúis mar uirlis troda agus tá an bonn á bhaint aici arís den tslándáil bia ar fud an domhain, go háirithe san Afraic, san Áise agus sa Mheánoirthear. Ní féidir glacadh le hionsaithe ar an loingseoireacht shibhialtach ná ar shoithí trádála agus tráchtála, lena n-áirítear soithí faoi bhratach Bhallstáit, ar nós na n-ionsaithe a rinneadh le déanaí i limistéir eacnamaíocha eisiacha na Bulgáire agus na Rómáine sa Mhuir Dhubh, agus is sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta agus muirí iad, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS). Chun tuilleadh meatha ar an staid a sheachaint, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí gluaiseacht shábháilte a athbhunú láithreach bonn sa Mhuir Dhubh i gcomhair loingeas sibhialtach agus soithí trádála agus tráchtála. Meabhraítear di freisin a thábhachtaí atá bearta darb aidhm na Lánaí Dlíthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a chomhdhlúthú a thuilleadh, atá ríthábhachtach le haghaidh onnmhairithe inbhuanaithe gráin.
18. Tacaíonn an tAontas Eorpach le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta agus ráthaíochtaí láidre inchreidte slándála don Úcráin mar bhonn taca léi. Ní féidir síocháin chóir mharthanach a bhaint amach ach amháin le réiteach lena n-urramaítear neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine. Níor cheart teorainneacha a athrú le teann fornirt, ní féidir an t-ionsaitheoir a chúiteamh agus ní mór slándáil na hÚcráine agus a cumas í féin a chosaint a ráthú san fhadtéarma. Ní féidir conair na síochána san Úcráin a chinneadh in éagmais na hÚcráine. Is é an tAontas Eorpach a dhéanfaidh cinntí ar ábhair a bhaineann lena inniúlacht féin nó a mbíonn tionchar acu ar a shlándáil féin.

19. I gcomhréir le haidhm an Aontais an tsíocháin a chur chun cinn, mar a chumhdaítear sna Conarthaí, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí taidhleoireachta chun deireadh a chur le cogadh foghach na Rúise, agus leagann sí béim ar a thoilteanaí atá an tAontas dlús a chur lena rannpháirtíocht sa chomhthéacs sin. Tá ról lárnach le bheith ag an Eoraip i réiteach a bheidh ann amach anseo agus cosnóidh sí a leasanna. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis fiorthoilteanas a léiriú maidir leis an tsíocháin, teacht ar chomhaontú maidir le sos cogaidh iomlán, neamhchoinníollach, láithreach agus dul i mbun caibidlíocht fhóinteach chun síocháin chóir mharthanach a bhaint amach. Ní mór leanúint d'iarrachtaí fóirithinte daonnúla agus bearta forbartha muiníne a dhéanamh, go háirithe príosúnaigh chogaidh a mhalartú agus sibhialtaigh Úcránacha atá á gcoinneáil agus leanaí Úcránacha, ar sibhialtaigh agus leanaí iad a díbríodh go neamhdhleathach, a fhilleadh mar chuid den iarracht i dtreo na síochána.
20. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit faoi réir le rannchuidiú le ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin, go háirithe trí Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus i gcomhar leis na Stáit Aontaithe. Áireofar leis sin tacú le cumas na hÚcráine an fogha a dhíspreagadh agus í féin a chosaint go héifeachtach, agus an méid sin a dhéanamh san fhadtéarma freisin. Beidh rannchuidiú an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát bunaithe ar a n-inniúlachtaí agus a gcumais faoi seach agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú maidir le síneadh a chur le sainordú Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh air. Tá na Ballstáit tiomanta i gcónaí go rannchuideoidh siad le hoiliúint agus trealamh a chur ar fáil d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.
21. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na heisiocaíochtaí leanúnacha leis an Úcráin ón Iasacht Tacaíochta don Úcráin dar luach EUR 90 billiún i gcomhair 2026 agus 2027. Is díol sásaimh di gur sainithníodh na modhanna chun buiséad agus riachtanais chosanta na hÚcráine a chumhdach i gcomhair 2026. Iarrann sí ar na gníomhaithe uile, go háirithe an Úcráin, dlús a chur leis na hiarrachtaí, lena n-áirítear chun ceanglais Phlean athbhreithnithe na hÚcráine a chomhlíonadh, chun go bhféadfar na gealltanais uile ón Iasacht Tacaíochta don Úcráin agus ón tSaoráid don Úcráin i gcomhair 2026 a eisíoc go tráthúil. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go leanfadh an Úcráin dá hiarrachtaí athchóirithe agus den smacht reachta a chaomhnú.

22. Tá an Chomhairle Eorpach tiomanta i gcónaí aghaidh a thabhairt, in éineacht leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, ar riachtanais phráinneacha mhaoiniúcháin na hÚcráine, tá sí ag súil leis an measúnú nuashonraithe ón gCoimisiún agus ó CAI i ndáil leis sin, agus fillfidh sí ar an tsaincheist in am trátha. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhpháirtithe idirnáisiúnta dlús a chur go pras lena dtacaíocht chun cuidiú le freastal ar riachtanais phráinneacha mhaoiniúcháin agus mhíleata na hÚcráine.
23. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun tacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin. I ndáil leis sin, is díol sásaimh di gur comhaontaíodh EUR 6,6 billiún a scaoileadh faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach freisin an chabhair dhéthaobhach a chuir na Ballstáit ar fáil le déanaí agus an dul chun cinn atá déanta sa chomhar tionsclaíoch i réimse na cosanta idir an tAontas agus an Úcráin. Is díol sásaimh di gur bunaíodh an Chomhghuaillíocht Chomhtháite i gcoinne Diúracán Balaistíoch.
24. Agus tacaíocht mhíleata agus ráthaíochtaí slándála á dtabhairt don Úcráin, tabharfar lánurraim don bheartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

25. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí tuilleadh brú a chur ar an Rúis ionas go n-éireoidh sí as a cogadh foghach brúidiúil agus go rachaidh sí i mbun caibidlíocht fhóinteach ionsar an tsíocháin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an 21ú pacáiste smachtbhannaí le déanaí agus líon suntasach de dhaoine aonair agus d'eintitis eile á liostú. Iarrann sí go ndéanfaí na bearta a bhaineann le hiarchomhraiseoirí Rúiseacha a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach agus go ndéanfaí bearta breise, i gcomhar leis na comhpháirtithe, lena n-áirítear bearta chun ioncam fuinnimh na Rúise a laghdú, chun deireadh a chur le bealaí éalaithe go héifeachtach agus imchéimniú a chomhrac, agus chun srian a chur le hoibríochtaí an scáthchabhlaigh agus an bonn a bhaint dá samhail ghnó. Chun an méid sin a dhéanamh, tá gá le 'cur chuige an bhealaigh iomláin' agus comhordú idir na Ballstáit agus le comhpháirtithe, lena n-áirítear cur chuige comhchoiteann chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí suntasacha comhshaoil, slándála agus sábháilteachta muirí a bhaineann leis na soithí sin, go háirithe trí níos mó oibríochtaí bordála, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Is oth leis an gComhairle Eorpach cinneadh na Stát Aontaithe deireadh sealadach a chur leis na smachtbhannaí ar dhíosal ón Rúis. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gá cosc a chur ar onnmhairiú gráin tríd an Aontas, ar grán é a ghoid an Rúis ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach nár cheart normalú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Rúise agus na Bealarúise in imeachtaí idirnáisiúnta spóirt agus cultúrtha, go háirithe trí thaispeáint siombailí náisiúnta, fad is nach ann do shíocháin chóir mharthanach san Úcráin.
26. Cáineann an Chomhairle Eorpach an Rúis go láidir as eagrú neamhdhleathach 'na toghcháin', mar dhe, i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach, ar sárú follasach eile iad 'na toghcháin' sin arna dhéanamh ag an Rúis ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, agus ar neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine.

27. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar gach tír deireadh láithreach a chur le haon chúnamh atá á thabhairt acu don Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin, bíodh sé díreach nó indéach, agus go háirithe trí earraí agus comhpháirteanna dé-úsáide a sholáthar. Go háirithe, cáineann sí go láidir imscaradh fhórsaí míleata DPDC sa chogadh ar an Úcráin chomh maith leis an tacaíocht mhíleata leanúnach a chuireann an Iaráin, an Bhealarúis agus DPDC, i measc tíortha eile, ar fáil don Rúis.
28. Tá an tAontas Eorpach meáite i gcónaí ar chuntasacht iomlán a áirithiú i leith na gcoireanna cogaidh agus na gcoireanna eile is tromchúisí a rinneadh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus tacaíonn sé go hiomlán leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh faoi chuimsiú Chomhairle na hEorpa chun an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin agus an Binse Speisialta maidir le coir an fhogha faoin Úcráin a oibríochtú. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis agus ar an mBealarúis a áirithiú láithreach go ndéanfar gach leanbh agus gach saoránach eile de chuid na hÚcráine a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach a fhilleadh go sábháilte agus gan choinníoll ar an Úcráin.
29. Aithníonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an síneadh a cuireadh le cosaint shealadach na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí mí an Mhárta 2028.
30. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine freisin, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimsí an chúnamh dímhianaithe agus an athshlánaithe shíceolaíoch agus shíceasóisialta.
31. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tionóladh an Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le haontachas na hÚcráine leis an Aontas Eorpach agus gur osclaíodh cnuasaigh 2 agus 3 an 13 Deireadh Fómhair 2026, agus is fada léi go n-osclófar na cnuasaigh eile uile, i gcomhréir leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe.
32. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

III. POBLACHT NA MOLDÓIVE

33. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tionóladh an Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le haontachas Phoblacht na Moldóive leis an Aontas Eorpach agus gur osclaíodh cnuasaigh 2 agus 3 an 13 Deireadh Fómhair 2026, agus is fada léi go n-osclofar na cnuasaigh eile uile, i gcomhréir leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe.

IV. AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE

34. Tar éis d'Uachtaránacht na hÉireann dréachtbhosca caibidlíochta nuashonraithe a thíolacadh, phléigh an Chomhairle Eorpach na príomhghnéithe is gá chun teacht ar chomhréiteach cothrom maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.
35. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar a hUachtarán an chaibidlíocht a thabhairt chun cinn d'fhonn teacht ar chomhaontú tráthúil. Dá dtiocfaí ar chomhaontú roimh dheireadh 2026, d'fhéadfaí gníomhartha reachtacha a ghlacadh in 2027, rud atá riachtanach chun a áirithiú go mbainfidh an cistiú ón Aontas na tairbhíthe amach i mí Eanáir 2028, gan aon bhearna a bheith ann.

V. AN MEÁNOIRTHEAR

36. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór inní di an staid slándála atá ann faoi láthair agus an géarú míleata leanúnach sa réigiún. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bhéim a leagan ar an ngá atá leis an dlí idirnáisiúnta a urramú agus, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe réigiúnacha, de bheith ag gabháil d'iarrachtaí taidhleoireachta chun an lasóg a bhaint den bharrach agus an tsíocháin agus an chobhsaíocht a áirithiú sa Mheánoirthear.

37. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na gníomhaithe uile deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha agus athdhearbhaíonn sí a ríthábhachtaí atá sé an tsaoirse loingseoireachta agus an tslándáil mhuirí a áirithiú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Tá an baol ann go mbeidh suaitheadh marthanach ar shlabhraí soláthair domhanda mar thoradh ar an staid reatha, go háirithe i ndáil le fuinneamh, leasacháin agus bia, rud a dhéanfaidh an-dochar do gheilleagair agus do phobail leochaileacha ar fud an domhain.

An Iaráin

38. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar ionsaithe na hIaráine ar thíortha sa réigiún agus go seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis na tíortha atá buailte. Iarrann sí ar an Iaráin agus ar a seachfhórsaí staonadh ó na hionsaithe sin agus ó aon ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha, agus ceannasacht agus iomláine chríochach thíortha an réigiúin a urramú.
39. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir freisin aon ghníomhartha a chuireann an loingseoireacht i mbaol nó a chuireann cosc ar shoithí tráchtála dul isteach i gCaolas Hormuz agus imeacht as. Ní mór go mbeidh aon socrú a bhaineann le Caolas Hormuz i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, agus ní mór nach ndéanfar an tsaoirse loingseoireachta a theorannú ná a rialachas a athrú ar aon bhealach de thoradh an tsocraithe sin.
40. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach nach ligfí go deo don Iaráin arm núicléach a bheith aici. Tathantaíonn sí ar an Iaráin a cuid oibleagáidí i ndáil leis an gcoimirce núicléach a chomhlíonadh faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus dul i mbun comhar iomlán an athuair leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.
41. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an foréigean leanúnach agus an chos ar bolg bhrúidiúil atá á ndéanamh ag réimeas na hIaráine i gcoinne a mhuintire féin, lena n-áirítear básuithe ar mórsála. Iarrann sí go n-urramófaí cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha mhuintir na hIaráine, lena n-áirítear an ceart a dtodhchaí féin a roghnú.

Éimin

42. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an géarú míleata leanúnach atá á dhéanamh ag na Houthi in Éimin agus na hionsaithe atá á ndéanamh acu ar an Araib Shádach, go háirithe na hionsaithe sin a théann i bhfeidhm ar shibhialtaigh agus ar an mbonneagar sibhialtach, agus cuireann sí in iúl go seasann sí i ndlúthpháirtíocht le rialtas dlisteanach Éimin agus leis an Araib Shádach. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gá géarú ar an staid dhaonnúil - atá uafásach cheana féin - a sheachaint, agus iarrann sí go méadófaí an cúnamh idirnáisiúnta i ndáil leis sin.
43. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Houthi deireadh a chur láithreach le gach gníomhaíocht mhíleata agus le gach ionsaí ar an loingseoireacht shibhialtach, ar bagairt iad ar an tslándáil mhuirí sa Mhuir Rua agus i gCaolas Bab al-Mandab.
44. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach ról EUNAVFOR ASPIDES, oibríocht cosanta muirí de chuid an Aontais; leagann sí béim ar an rannchuidiú a d'fhéadfadh sé a dhéanamh leis an réigiún a chobhsú, trí chomhar a dhéanamh freisin le tionscnaimh atá ann cheana; agus iarrann sí go ndéanfaí é a threisiú, i gcomhréir lena shainordú. I ndáil leis an méid sin, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá comhlántacht idir tionscnaimh idirnáisiúnta chun an tsaoirse loingseoireachta a áirithiú.

Gaza/an Bruach Thiar

45. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi roimhe seo, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas an Aontais Eorpaigh do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach atá bunaithe ar réiteach an dá stát i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), a bhfuil sé i gceist leo go mairfeadh an dá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh, faoi shíocháin, laistigh de theorainneacha slána aitheanta. Cáineann sí go láidir gníomhaíochtaí, beartais agus reitric a bhaineann an bonn d'inmharthanacht an réitigh dhá stát. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt don chomhaontas domhanda chun an réiteach dhá stát a chur chun feidhme.

46. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur cúis mhór inní di an staid atá ag dul in olcas in Gaza agus ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear an ghéarchéim dhaonnúil leanúnach thubaisteach in Gaza, a bhfuil baol ann go rachaidh sí in olcas agus an geimhreadh ag teannadh linn. Tathantaíonn sí ar Iosrael rochtain láithreach gan bhac a cheadú don chabhair dhaonnúil ar mórscála isteach go Gaza agus dá dáileadh marthanach ar fud Gaza, lena n-áirítear trí chonair mhuirí na Cipire sa bhreis ar na bealaí talún, rochtain a cheadú do na meáin idirnáisiúnta, agus trasnuithe teorann Gaza agus an chonair leighis idir Gaza agus an Bruach Thiar a athoscailt. Ní mór d'Iosrael ligean do na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí, chomh maith le heagraíochtaí daonnúla, oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta chun beatha daoine a shábháil agus an cruatan a laghdú, agus a oibleagáidí uile faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Ní mór cosaint na sibhialtach a áirithiú i gcónaí.
47. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis inní di an easpa dul chun cinn atá déanta maidir leis an sos comhraic agus gach foráil eile de Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Iarrann sí ar na gníomhaithe uile na forálacha sin uile a chur chun feidhme go hiomlán gan mhoill, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le prionsabail idirnáisiúnta pholaitiúla agus dhlíthiúla, go háirithe díchoimisiúnú buan na n-armán atá ag Hamas agus ag grúpaí armtha neamhstáit eile, tarraingt siar iomlán fhórsaí Iosrael ó Gaza agus an t-aistriú sibhialtach in Gaza. Níor cheart aon ról a bheith ag Hamas i rialachas Gaza amach anseo.
48. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag rannchuidiú le cur chun feidhme Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith le hatógáil agus athfhorbairt Gaza, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go ndearnadh sainorduithe Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) agus Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) a athnuachan. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach seoladh an tionscnaimh 'Foireann Gaza' agus iarrann sí go mbeadh dlúthchomhar ann le hÚdarás na Palaistíne, leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le téarnamh luath agus atógáil Gaza.

49. Is oth leis an gComhairle Eorpach gur fógraíodh go gcuirfí na toghcháin sa Phalaistín siar. Iarrann sí ar Údarás na Palaistíne toghcháin reachtacha agus uachtaránachta a eagrú a luaithe is féidir go luath in 2027. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear tacaíocht lena chlár oibre athchóiriúcháin. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar Iosrael an t-ioncam imréitigh ar fad atá á choinneáil siar a scaoileadh mar ábhar práinne agus na seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí idir baine Iosrael agus baine na Palaistíne a leathnú, arb ioncam agus seirbhísí iad a bhfuil géarghá leo araon chun feidhmiú cuí Údarás na Palaistíne agus seachadadh seirbhísí riachtanacha don phobal a chinntiú.
50. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí gníomhaíochtaí aontaobhacha Iosrael arb é is aidhm dóibh a láithreach ar an mBruach Thiar a leathnú, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir, rud a dearbhaíodh a bheith neamhdhleathach sa tuairim chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta an 19 Iúil 2024. Cáineann sí go láidir freisin an foréigean leanúnach arna dhéanamh ag lonnaitheoirí, a bhfuil méadú ag teacht air, i gcoinne shibhialtaigh na Palaistíne, lena n-áirítear pobail Chríostaí agus mionlaigh eile, iarrann sí go mbeadh cuntasacht ann, agus iarrann sí an athuair go gcaomhnófaí agus go n-urramófaí *status quo* ionaid naofa Iarúsailéim. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar Iosrael leathnú na lonnaíochtaí, atá neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta, a chur ar ceal láithreach, lena n-áirítear trína nós imeachta tairisceana le haghaidh foirgníocht i limistéar E1 a tharraingt siar. Athdhearbhaíonn sí nár cheart do ghnólachtaí tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí foirgníochta le haghaidh E1 ná ar fhorbairtí lonnaíochta eile agus leagann sí béim ar na hiarmhairtí dlíthiúla, eacnamaíocha agus clú atá ann do ghnólachtaí agus d'institiúidí airgeadais atá rannpháirteach i dtógáil lonnaíochta, lena n-áirítear an baol go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta.
51. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá láithreach taidhleoireachta leanúnach sna críocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil, lena n-áirítear láithreach Bhallstáit an Aontais, chun teagmháil a dhéanamh le hÚdarás na Palaistíne agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le réiteach an dá stát.

An Liobáin

52. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an creat-chomhaontú a shínigh an Liobáin agus Iosrael i mí an Mheithimh 2026. Tathantaíonn sí ar na gníomhaithe uile cloí go hiomlán le téarmaí an chomhaontaithe agus páirt chuiditheach a ghlacadh i gcainteanna breise d'fhonn deireadh buan a chur leis an gcogaíocht, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta.
53. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe uile Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán, ar rún é nach mór aon réiteach buan a bhunú air. Iarrann sí an athuair go ndéanfaí Hezbollah a dhí-armáil go hiomlán. Iarrann sí ar Iosrael ceannasacht agus iomláine chríochach na Liobáine a urramú agus a fhórsaí a tharraingt siar ón Liobáin, i gcomhréir le Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a rithábhachtaí atá láithreach idirnáisiúnta leanúnach sa Liobáin i gcomhthéacs ina mbeidh deireadh tagtha le UNIFIL.
54. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do mhuintir na Liobáine, lena n-áirítear tacaíocht san fhadtéarma, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas go hiomlán le hiarrachtaí rialtas na Liobáine Fórsaí Armtha na Liobáine a neartú d'fhonn smacht a fháil ar chríoch iomlán na Liobáine agus monaplacht an stáit a bhunú ó thaobh sealbhú arm de. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur bunaíodh Misean Tacaíochta an Aontais Eorpaigh sa Liobáin.

An tSiria

55. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí le haistriú síochánta cuimsitheach faoi stiúir na Siria, agus i ndáil leis sin, tugann sí dá haire an méid a thit amach le déanaí, lena n-áirítear an chéad seisiún de Chomhthionól an Phobail. Tá an tAontas Eorpach tiomanta dá chomhpháirtíocht leis an tSiria a dhoimhniú ar mhaithe le muintir na Siria. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur bunriachtanas é go mbeadh ceartas cuimsitheach idirthréimhseach ann agus an tír ar chonair an athmhuintearais. Tathantaíonn sí ar na gníomhaithe uile, idir ghníomhaithe intíre agus ghníomhaithe seachtracha, aontacht, neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na Siria a urramú go hiomlán, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, UNCLOS san áireamh.

VI. COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA hEORPA

56. I gcomhthéacs ina bhfuil cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ina dhúshlán eiseach don Aontas Eorpach i gcónaí, léiríonn na hionsaithe hibrídeacha, lena n-áirítear gníomhartha sabaitéireachta, ar an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit, a bhfuil méadú ag teacht orthu, agus na sáruithe leanúnacha ar aerspás agus uiscí teorann na mBallstát le míonna beaga anuas, léiríonn siad arís eile a thábhachtaí agus a phráinní atá sé dlús a chur le baint amach an chuspóra maidir le borradh a chur faoi ullmhacht cosanta na hEorpa ar bhealach cinntitheach.
57. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir iompraíocht na Rúise, atá ag dul in olcas agus ag éirí níos meargánta, agus athdhearbhaíonn sí a tiomantas buanseasmhach do shlándáil na mBallstát uile. Beidh iarmhairtí ag gníomhaíochtaí na Rúise. I bhfianaise na bhfeachtas hibrídeach treisithe sin arna ndéanamh ag an Rúis agus ag gníomhaithe naimhdeacha eile, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí breise go práinneach chun an athléimneacht a neartú, an leibhéal ullmhachta a fheabhsú agus bonneagar criticiúil a chosaint. Ag an am céanna, bainfidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit leas iomlán as na hionstraimí agus na sásraí uile atá ar fáil, lena n-áirítear Bosca Uirlisí Hibrídeach an Aontais, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chun ionsaithe hibrídeacha a chosc, a dhíspreagadh agus a fhreagairt, agus, ag meabhrú di gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht i ndáil leis sin, ba cheart don Chomhairle dlús a chur leis an obair chuige sin. Gníomhóidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit go diongbháilte agus ar bhealach comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí sin. I ndáil leis an méid sin, breithneofar bearta mar ábhar práinne, lena n-áirítear bearta sriantacha breise chomh maith le hathbhreithniú agus géarú a dhéanamh ar cheanglais víosaí agus ar an mbeartas víosaí maidir le náisiúnaigh Rúiseacha. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle dlús a chur leis an obair ar na sraitheanna oibre ábhartha uile agus go háirithe ar an bPlean Gníomhaíochta um Shlándáil Dróin agus Slándáil Frith-Dhrón. Leanfaidh an tAontas Eorpach freisin de bheith ag obair go dlúth le comhpháirtithe chun gníomhaíochtaí hibrídeacha tríú tíortha a bhrath agus a chomhrac.

58. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta a cuspóir maidir le hullmhacht cosanta faoi 2030 a bhaint amach ar luas agus ar an mórgóir, chun gur fearr a bheidh an Eoraip in ann gníomhú agus déileáil go neamhspleách, ar bhealach comhordaithe, agus le cur chuige 360°, le dúshláin agus bagairtí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé cosaint theorainneacha talún, aeir agus muirí uile an Aontais a áirithiú. Molann sí go leanfaí den obair ar an tionscadal ‘Faireachán ar an gCliathán Thoir’ agus ar thionscnaimh eile, lena n-áirítear tionscadail Eorpacha ábhartha leasa choitinn i réimse na cosanta (TELCCanna), a chuireann le cosaint theorainneacha uile an Aontais.
59. Sa chomhthéacs sin, ag meabhrú di na conclúidí uaithi i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2026, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur cuireadh i láthair an chéad tuarascáil bhliantúil ar an ullmhacht cosanta, a d’ullmhaigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, agus aontaíonn sí leis an measúnú foriomlán a léirítear inti, go háirithe maidir le cumasóirí straitéiseacha. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé iarrachtaí breise a dhéanamh chun spleáchais straitéiseacha a laghdú agus iarrann sí ar na Ballstáit dlús a chur leis an obair chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais. Is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta sna réimsí tosaíochta cumais a sainathnódh ar leibhéal an Aontais i gcomhréir iomlán le ECAT, agus iarrann sí ar na Ballstáit dlús breise a chur lena n-iarrachtaí sna comhghuaillíochtaí cumais uile d’fhonn tionscadail chomhpháirteacha atá ann cheana a chur chun cinn go práinneach agus tionscadail chomhpháirteacha nua a sheoladh.

60. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí freisin chun bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a neartú ionas go mbeidh sé in ann tacú le hullmhacht cosanta na hEorpa agus an trealamh tosaíochta is gá a sholáthar, ar an luas agus ar an scála is gá, chun tacú leis an Úcráin. Is é atá i gceist leis sin acmhainneachtaí táirgeachta a oiriúnú agus borradh a chur fúthu agus teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht a sholáthar trí bhíthin an taighde, chomh maith le slabhraí soláthair athléimneacha a áirithiú. Cuideoidh an cur chuige sin freisin le borradh a chur faoi iomaíochas tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa, lena n-áirítear do FBManna. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhfuil comhiomlánú éilimh ar bhonn ceanglais chaighdeánaithe agus barainneachtaí scála rithábachtach chun go mbeidh intuarthacht ann don lucht tionscail, chun costais a laghdú agus chun an idir-inoibritheacht a chothú, agus gur cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, infheistíocht i réimse na cosanta a dhíriú níos mó agus níos mó ar fhorbairt, ar tháirgeadh agus ar sholáthar comhpháirteach, le tacaíocht ó GEC. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach freisin gur gá leanúint de rochtain an tionscail cosanta ar mhaoiniú a éascú agus iarrann sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta leanúint dá iarrachtaí i ndáil leis sin.
61. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an comhar tionsclaíoch leis an Úcráin i réimse na cosanta, rud a chuireann le neartú ullmhacht cosanta na hEorpa, ag tógáil ar na tionscnaimh uile atá ann cheana agus ag tarraingt ar thaithí agus ar shaineolas uathúil na hÚcráine. Leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé comhpháirtíochtaí tionsclaíocha leis an Úcráin i réimse na cosanta a dhoimhniú trína tionscal cosanta a chomhtháthú i mbonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí.
62. Ba cheart leas iomlán a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil maidir le forbairt cumais agus le hathneartú tionsclaíoch. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach, i ndáil leis sin, gur shainaithin an Chomhairle TELCCanna, faoi chuimsiú an Chláir um an Tionscal Cosanta Eorpach, agus is díol sásaimh di glacadh an Rialacháin lena mbunaítear an clár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú faoin togra maidir le soghluaisteacht mhíleata faoi dheireadh na bliana. Tá sí ag tnúth leis na tograí atá le teacht ón gCoimisiún maidir le soláthar trealamh cosanta.

63. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go gcuirfear le slándáil an domhain agus leis an tslándáil thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é bunchloch a gcosanta comhchoitinne i gcónaí é ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, ach Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé oibriú i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Aontas agus a bhfuil a spriocanna beartais eachtraigh agus slándála ar aon dul le cinn an Aontais.
64. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonracha na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

VII. IMIRCE

65. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le cur chuige cuimsitheach an Aontais Eorpaigh i leith na himirce agus rinne sí a marana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo, agus an méid sin á dhéanamh freisin i bhfianaise na litreach ó Uachtarán an Choimisiúin le déanaí. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a bheith ag obair go dlúth leis na Ballstáit chun creat éigeandála a fhorbairt agus maidir le hionstraimiú de gach cineál.
66. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

VIII. MÉADÚ AGUS ATHCHÓIRITHE

67. Ag meabhrú di Dearbhú Granada, bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an mbealach chun cinn i ndáil leis an méadú agus le hathchóirithe inmheánacha.
68. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an méadú i gcónaí mar infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas. Is spreagadh é chun feabhas a chur ar dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta na saoránach Eorpach, chun éagothromaíochtaí ó thíir go tír a laghdú agus caithfidh sé na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chothú. Agus ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar an Aontas amach anseo, ní mór do na tíortha a bheidh ina mBallstáit nua, agus don Aontas, a bheith faoi réir, tráth an aontachais. Ní mór do thíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit amach anseo leanúint dá n-iarrachtaí um athchóiriú, go háirithe i réimse an smachta reachta, i gcomhréir le cineál fiúntasbhunaithe an phróisis aontachais agus le cúnamh ón Aontas. Ag an am céanna, ní mór don Aontas an obair inmheánach agus na hathchóirithe inmheánacha a thabhairt chun cinn, a uailmhianta fadtéarmacha agus na bealaí chun iad a bhaint amach a leagan síos, agus aghaidh a thabhairt ar phríomhcheisteanna a bhaineann lena thosaíochtaí agus lena bheartais chomh maith lena acmhainn ghníomhaíochta. Fágfaidh sé sin go mbeidh an tAontas Eorpach níos láidre agus go bhfeabhsófar ceannasacht na hEorpa.
69. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhfuil an próiseas aontachais bunaithe ar fhiúntas agus go mbogann gach tír chun cinn sa chaibidlíocht aontachais ar bhonn a dul chun cinn féin.
70. I bhfianaise an mhéid sin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Ullmhúchán a dhéanamh d’Aontas níos leithne’ agus iarrann sí ar an gComhairle anailís a dhéanamh ar gach snáithe agus, ar bhonn na hanailíse sin, an obair a thabhairt ar aghaidh.
71. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair atá ar siúl faoi láthair chun an Conradh aontachais le Montainéagró a dhréachtú. Tugann sí dá haire go bhfuil sé ar intinn ag Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle oibriú chun clabhsúr a chur ar na caibidlí caibidlíochta atá fágtha, faoi réir chur chun feidhme na n-athchóirithe comhfhreagracha ag Montainéagró arna dhéanamh ag Montainéagró.

IX. MÍREANNA EILE

An réigiún Artach

72. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an réigiún Artach don tslándáil agus don rathúnas, bíodh sin san Eoraip nó go domhanda, agus ar an ngá atá le dlús breise a chur le rannpháirtíocht an Aontais chun Artach slán, síochánta, inbhuanaithe agus athléimneach a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur tionóladh an Cruinniú Mullaigh Eorpach maidir leis an Artach in Rovaniemi an 13-14 Meán Fómhair 2026 agus tá sí ag súil leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach atá le heisiúint ag an gCoimisiún agus an tArdionadaí maidir le Comharsanacht an Tuaiscirt.

Ceuta agus Melilla

73. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar staid shonrach Ceuta agus Melilla, is é sin gur sna háiteanna sin amháin atá teorainneacha talún ag an Aontas ar mhór-roinn na hAfraice. Cuireann sí in iúl a dlúthpháirtíocht leis an Spáinn agus a tacaíocht di i ndáil leis an mórphlódú isteach imirceach in Ceuta a tharla gan choinne an 30 agus an 31 Iúil 2026, agus is díol sásaimh di tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil an Aontais i bhfianaise staid shonrach Ceuta agus Melilla.

Réimse digiteach níos sábháilte

74. Agus aghaidh á tabhairt ag an gComhairle Eorpach ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis atá ag dul i méid, meabhraítear di a thábhachtaí atá sé athléimneacht dhaonlathach na hEorpa agus freagracht dhlíthiúil na n-ardán ar líne a neartú chun scaipeadh na bréagaisnéise agus an ábhair neamhdhleathaigh a chomhrac. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bailchríoch a chur go pras ar an athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le maolú rioscaí sistéamacha do phróisis thoghchánacha a glacadh faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

75. Chun mionaoisigh a chosaint sa réimse digiteach, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtach agus go bhforbródh an tAontas creat soiléir, láidir, éifeachtach agus comhréireach lena neartófaí freagracht na n-ardán ar líne as timpeallacht shábháilte a áirithiú do gach úsáideoir, go háirithe leanaí agus an óige, agus príobháideacht na n-úsáideoirí á chaomhnú agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna. Sa chomhthéacs sin, tugann sí dá haire an togra ón gCoimisiún le haghaidh Ghníomh AE um Leas an Linbh ar Líne (EU KIDS ACT), lena n-áirítear aois íosta chun rochtain a fháil ar na meáin shóisialta, agus iarrann sí ar na comhreachtóirí é a scrúdú go pras.

Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide

76. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht agus cóir chomhionann Bhallstáit uile an Aontais ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 31) in Antalya na Tuirce, agus in imeachtaí ardleibhéil ábhartha arna réachtáil i ndáil leis an gComhdháil, agus athdhearbhaíonn sí prionsabal na dlúthpháirtíochta i measc Bhallstáit an Aontais i ndáil leis seo.

Cloí leis an dlí idirnáisiúnta

77. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2026, is oth go mór leis an gComhairle Eorpach an fógra ó na Stáit Aontaithe maidir le smachtbhannaí a fhorchur ar an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta mar institiúid. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar na Stáit Aontaithe na bearta is déanaí sin a aisiompú, agus é á thabhairt dá haire aici gur chinn na Stáit Aontaithe moill a chur ar éifeacht iomlán na mbeart agus go bhfuil siad réidh chun na hábhair imní atá acu a phlé leis na Stáit is Páirtithe i Reacht na Róimhe. Tá spás á chruthú ar an gcaoi sin don taidhleoireacht, d'fhonn a áirithiú go n-aisiompófar na bearta sin go pras agus d'fhonn cosc a chur ar aon bhearta breise lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint de neamhspleáchas agus de shláine na Cúirte.

78. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas Eorpach leis na hinstitiúidí a sheasann leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chúirteanna idirnáisiúnta agus na hoifigigh a oibríonn iontu a chosaint go héifeachtach ar aon bhagairtí nó smachtbhannaí, agus i ndáil leis an méid sin, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá rochtain gan bhac ar sheirbhísí airgeadais agus ar sheirbhísí eile agus an luach a bhaineann le seirbhís leanúnach oibreoirí an Aontais don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. I bhfianaise an mhéid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a réidhe atá an tAontas chun gach beart is gá a dhéanamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún gach tionscnamh iomchuí a dhéanamh a chuideoidh leis an gCúirt a chosaint agus le smachtbhannaí a mhaolú, go háirithe i leith chuideachtaí an Aontais ionas gur féidir leo leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil don Chúirt.
-